Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB)

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Tá feidhm leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 ó 15 Iúil 2014.

Forálann an tAcht seo do chreat inar féidir le hoibrithe a n-imní a ardú maidir le holc ionchasach atá tagtha faoina n-aird san áit oibre, agus iad ar an eolas go mbeidh fáil acu ar chosaintí suntasacha agus eile má chuireann an fostóir pionós orthu nó má fhulaingíonn siad aon díobháil ag éirí as nochtadh a dhéanamh.

Tá polasaí i bhfeidhm ag GRETB, i dteaindim leis an reachtaíocht, a mhisneoidh oibrithe aon olc ionchasach a thuairisciú, agus iad ar an eolas go ndéileálfar ar bhealach dáiríre lena n-imní agus go bhfiosrófar í, nuair is cuí, agus go gcoinneofar a gcaidreamh faoi rún.

Leagtar síos sa pholasaí go mbíonn sé cuí i gcónaí imní a ardú nuair atá sí bunaithe ar thuairim réasúnta, is cuma cé acu an aithnítear nó nach n-aithnítear aon olc ina dhiaidh sin. Tugann an polasaí treoir d'oibrithe faoin gcaoi le himní a ardú.

Baineann an polasaí seo le gach oibrí GRETB, lena n-áirítear conraitheoirí, sainchomhairleoirí, foireann ghníomhaireachta, iar-fhostaithe agus intéirnigh/daoine faoi oiliúint.

De réir fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014, cheap GRETB Mairéad Thompson chun nochtuithe cosanta a ghlacadh. Is féidir teacht ar an oifigeach ainmnithe ag (091) 874534, trí ríomhphost chuig mairead.thompson@gretb.ie nó sa phost chuig Príomhoifig GRETB, An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.

Tuarascáil Bhliantúil ar Nochtuithe Cosanta 2021

Tuarascáil bhliantúil GRETB, mar a éilítear faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Deimhníonn GRETB nach bhfuarthas aon nochtuithe cosanta go deireadh bliana 2021.
Ar an ábhar sin, níor ghá do GRETB aon bheart a chur i gcrích maidir le Nochtuithe Cosanta.